Forbairt Straitéiseach Tithíochta
Iarratais Alt 4 chuig an mBord Pleanála

Aighneacht nó tuairim ar iarratas straitéiseach tithíochta a chur isteach chuig an mBord Pleanála

Sula thosaíonn tú sa phróiseas, moltar ár dtreoir don phobal a léamh ina bhfuil an t-eolas ar fad maidir le iarratais Alt 4 chuig an mBord Pleanála agus conas gur féidir leis an bpobal páirt a ghlacadh.

Le haighneacht bhailí nó tuairimí a chur chuig an mBord Pleanála, ba chóir duit:

✓	D'aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach i bhfoirm scríofa
✓	An táille €20 le bheith ann
✓	D'ainm agus seoladh le bheith ann. Má tá an aighneacht nó tuairim á dhéanamh ag gníomhaire pleanála nó duine eile ar do shon, ba chóir dá n-ainmneach a bheith ann chomh maith.
✓	Ábhar na haighneachta nó tuairimí le bheith ann go soiléir, mar shampla, sonraí ar uimhir cáis an Bhoird Pleanála nó sonraí maidir le cá bhfuil suíomh na forbartha beartaithe.
✓	D'fháthanna, do bhreithnithe agus d'argóintí le bheith ann go soiléir.
✓	Le bheith cinnte go bhfuil an aighneacht nó tuairim faighte ag an mBord Pleanála laistigh de 5 sheachtain ón dáta a fhuair An Bord Pleanála an t-iarratas.
✓	D'aighneacht nó tuairim agus an táille a chur chuig bhall foirne An Bhoird Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1, D01 V902. Is féidir d'aighneacht nó tuairim a chur sa phost chugainn ach is fiú a bheith cinnte go sroichfidh d'aighneacht nó tuairim An Bord Pleanala roimh an dáta deireanach. Ní

	ghlactar le haighneachtaí nó le tuairimí a thagann isteach tar éis 5.30i.n. ar an dáta deireanach.

Maidir le gach ceist i dtaobh na Treorach seo:

Cuir glao fóin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Seol ríomhphost chugainn ag:	strategichousing@pleanala.ie
Gabh chuig ár suíomh Gréasáin ag:	www.pleanala.ie/shd/applications/index_ga.htm
Scríobh chugainn ag:	An tAonad Tithíochta Straitéisí An Bord Pleanála 64 Sráid Mhaoilbhríde Baile Átha Cliath 1 D01 V902

An tEagrán Seo, Eanáir 2018